

 *Iarnród Éireann*

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
AGUS RÁITIS AIRGEADAIS

2003



PRN. No. 1688

Clár

Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	1
Tuarascáil na Stiúrthóirí	2
Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	5
Tuarascáil na nIniúcháirí	6
Príomh-Bheartais Chuntasaíochta	7
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	9
Clár Comhardaithe	10
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	11
Nótaí do na Ráitis Airgeadais	12



Ba mhian le Iarnród Éireann aitheantas a thabhairt do Rialtas na hÉireann as maoiniú do mhórhionscadail faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 chomh maith le haitheantas a thabhairt do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

Stiúrthóirí amhail an 30ú Márta 2004

Cathaoirleach	An Dr. J. J. Lynch
Stiúrthóirí	An tUasal P. Cullen, An tUasal G. Duggan, An tUasal P. Ellis, A. M. Mannix, Uasal, An tUasal W. McCamley, An Dr. P. Prescott
Príomhfheidhmeannach	An tUasal J. Meaghar

Rúnaí	An tUasal R. O'Farrell
Oifig Chláraithe	Stáisiún Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath 1.
Teileafón	+353 1 836 3333
Faics	+353 1 836 4760
Láithreán Gréasáin	www.irishrail.ie
Uimhir Chláraithe	119571

Iniúcháirí	PricewaterhouseCoopers Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2
------------	---

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais don bhliain dár críoch an 31ú Nollaig 2003.

Príomhghníomhaíochtaí

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná seirbhísí náisiúnta ráille intercity agus paisinéirí comaitéara a sholáthar, mar aon le seirbhísí lastais, seirbhísí lónadóireachta agus bainistiú a dhéanamh ar Europort Ros Láir.

Torthaí don Bhliain agus Staid Ghnóthaí amhail an 31ú Nollaig, 2003

Is comhalta de ghrúpa cuideachtaí Chóras Iompair Éireann é Iarnród Éireann-Irish Rail. Tá athbhreithniú níos mionsonraithe de ghnó Iarnród Éireann i rith 2003 agus pleananna don todhchaí i ráiteas an Chathaoirligh agus san athbhreithniú oibríochtaí i ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann.

Is buaicbhliain a bhí i 2003 d'iompar paisinéirí Iarnród Éireann le 35.5 milliún aistear paisinéirí á ndéanamh i rith na bliana. Is é sin an t-ochtú huair le naoi mbliana ar sáraíodh an líon uasta aistear. Baineadh an leibhéal seo amach in ainneoin gur cailleadh 0.6 milliún aistear paisinéirí, a meastar, de bharr seirbhísí dheisceart Bhaile Átha Cliath a chur ar fionraí ag deirí seachtaine agus i rith thréimhse na Nollag a bhain le Tionscadal Uasghrádaithe DART.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2003 i bhfeidhmiú na mbearta a bhí deartha chun feabhas a chur ar staid airgeadais na cuideachta. Is é an toradh in 2003 go raibh barrachas oibríochta de €0.672 milliún ann i gcomparáid le cailteanas oibríochta de €22.454 milliún in 2002. Tabhaíodh costais eisceachtúla de €20.099 milliún a bhain leis an gclár laghdú costais i rith na bliana agus bhí easnamh foriomlán de €19,427 mar thoradh air sin. Áirítear ar na príomh-mhéireanna den aisghabháil airgeadais, laghduithe i líon foirne, réadú ar bhunáiteanna lastais ráille agus rialú docht ar chostais neamh-shaothair. Meastar go mbainfear dul chun cinn breise amach i bhfeabhsú fheidhmíocht airgeadais na cuideachta le linn 2004.

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dár críoch an 31ú Nollaig, 2003 leagtha amach níos mionsonraithe ar leathanaigh 7 go dtí 28. Is mar seo a leanas atá an ghluaiseacht sa chuntas brabúis agus cailteanais don bhliain;

	€000	€000
Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig, 2002		(66,412)
Barrachas don bhliain roimh chostais eisceachtúla	672	
Costais eisceachtúla a bhaineann le hathstruchtúrú gnó	(20,099)	
Easnamh don bhliain tar éis na gcostas eisceachtúil		(19,427)
Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig, 2003		(85,839)

I rith 2003, laghdaigh an glanfhiach ó €214.8 million go dtí €135 milliún go príomha de bharr go bhfuarthas deontais AE a bhí iníoctha do chaiteachas caipitil thar roinnt blianta.

Infheistíocht

Le tacaíocht ó Rialtas na hÉireann tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta agus an tAontas Eorpach, tá clár infheistíochta Iarnród Éireann ag leanúint ag fáil sochair i bhfoirm mhéaduithe sábháilteachta agus uasghrádú agus leathnú seirbhísí DART, Comaitéara agus InterCity.

(i) Sábháilteacht agus Athnuachan

I rith 2003, an bhliain deiridh de chlár infheistíochta sábháilteachta iarnróid 1999-2003, tugadh 66 míle d'athnuachan ráille chun críche a raibh os cionn 400 míle d'athnuachan ráille mar thoradh air i rith thréimhse an chlár. Tá nócha hocht faoin gcéad (98%) den líonra gathach anois ag obair ar ráille leanúnach táite le gach bealach seachas an bealach ó Bhaile Átha Cliath go Ros Láir críochnaithe anois.

(ii) DART agus Comaitéirí

Baineadh méadú mór ar acmhainneacht ar bhealaí comaitéara amach i gclár ama 2003. Baineadh an méadú in acmhainneacht amach le fáil 80 carr ráille nua comaitéara ag luach €115 milliún.

Mar thoradh air sin bhí méaduithe buaic-acmhainne tréimhsiúla ann ag réimsiú ó 25% go dtí 250% ar fud líonra de sheirbhísí comaitéara i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus i gCorcaigh agus i Luimneach mar seo a leanas:

- Tuaisceart: 43%
- Maigh Nuad: 25%
- Cill Dara: 123%
- Guaire: 30%
- Seirbhís Chomaitéara Chorcaí: 150%
- Luimneach/Inis: 250%

Chomh maith leis sin, tá seirbhísí seach-bhuaice ag oibriú ar roinnt bealaí, lena n-áirítear líne an Tuaiscirt, An Longfort agus An tInbhear Mór.

Tá an flit carranna ráille á cothabháil anois ag ionad seirbhísí carranna ráille nua Dhroichead Átha, a tugadh chun críche in am agus faoin mbuiséad i samhradh 2003 ag costas iomlán de €41.2 milliún.

Ordaíodh 36 carr ráille sa ráithe deiridh de 2003, agus déanfar iad sin a sheachadadh in 2005.

Cuireadh tús le hoibreacha uasghrádaithe DART, a bhí deartha chun an acmhainn iompair paisinéirí a mhéadú 33%, i mí Deireadh Fómhair, 2003. Leis an tionscadal seo déanfar uasghrádú iomlán ar gach ceann de na stáisiúin DART le go mbeidh siad inrochtaine do chustaiméirí le lagú gluaiseachta.

Chun an t-infheistiú sin a chomhlánú, déanfar 40 carráiste DART breise a sheachadadh chuig an bhflit DART in 2004. Nuair a thiocfaidh na carráistí sin, beidh an flit DART dúbailte i méid le os cionn ceithre bliana agus éascóidh sé oibriú seirbhísí ocht gcarr.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

(iii) InterCity

Tá ordú curtha isteach ag Iarnród Éireann do 67 carráiste nua InterCity ag costas de €117 milliún. Seo é an chéad ordú ar charráistí InterCity le os cionn 20 bliain, gan Fiontar Bhaile Átha Cliath/Bhéal Feirste san áireamh. Rachaidh siad i mbun seirbhíse in 2005/6, agus oibreoidh siad go príomha ar bhealach Bhaile Átha Cliath/Chorcaí, ag seachadadh seirbhíse de réir na huaire i ngach treo.

Bhí tionscadal athfhorbartha Heuston, a chosain €117 milliún, beagnach críochnaithe in 2003 agus tá sé ceaptha a bheith chun cinn ar an mbuiséad. D'fheabhsaigh an infheistíocht na saoráidí críochfoirt, mhéadaigh an líon ardán ag an stáisiún ó 5 go dtí 9, rinne comharthaí ríomhairithe ag Heuston agus sholáthair obair ráilí athmhúnlaithe.

Thug tabhairt isteach carranna ráille nua ríomhairithe seirbhíse breise InterCity isteach ar bhealaí na Gaillimhe, Phort Láirge agus Luimnigh.

Dírailiú Tharbhealach na Cathrach

Tharla timpiste mhór an 7ú Deireadh Fómhair 2003, nuair a d'imigh traein luchtaithe stroighne den ráille ar tharbhealach na Cathrach agus rinne damáiste as cuimse do dheic an droichid. Ar ámharaí an tsaoil níor gortaíodh aon duine. Cuireadh seirbhíse ar an líne ar fionraí agus rinneadh socruithe malartacha do thrácht lastais agus paisinéara ar aon. Cuireadh tús le tionscadal chun deic an droichid a athsholáthar agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoi shamhradh 2004.

Lastas

I rith 2003, rinneadh dul chun cinn trí inmhathanacht fhadtréimhsiúil an ghnó lastais a dhaingniú. Dhírigh an chuideachta a hoibríochtaí coimeádán an athuair ó lucht aonaid go dtí gnó pointe go pointe custaiméara aonair leis na costais láimhsithe is iú. Daingníodh gnó nua coimeádán ó Phort Láirge go Corcaigh, agus thángthas ar chomhaontú breise chun tús a chur le gnó coimeádán ó Bhéal an Átha go Port Láirge go luath in 2004.

Europort Ros Láir

Bhí brabús de €2.6 milliún ag Europort Ros Láir in 2003. Méadaíodh ioncam i rith 2003 trí shaoráidí a ligean le tionscadal Arklow Bank Windfarm. Leanadh den dul chun cinn ar infheistíocht €6.2 milliún ag Europort Ros Láir agus tá sé sceidealta le tabhairt chun críche i ndeireadh 2005.

Lónadóireacht

I gcomhar leis an amchlár nua a tugadh isteach i mí na Nollag 2003, rinneadh seirbhíse lónadóireachta a atheagrú chun freastal níos fearr ar riachtanais agus éilimh chustaiméirí ar seirbhíse agus iontaofacht seirbhíse níos fearr a sheachadadh.

Inrochtaine

Mar thoradh ar chlár leanúnach Iarnród Éireann ag soláthar saoráidí níos fearr do chustaiméirí le lagú gluaiseachta tá rochtain níos fearr ar roinnt stáisiún ar fud an ghréasáin. Leanfar den obair sin i rith 2004 le huasghrádú ar shaoráidí ag stáisiúin DART agus chuig stáisiúin ar líne Shligigh.

Acmhainní Daonna

Tá bainistíocht oibríochtaí athstruchtúrtha ceaptha chun ailíniú níos fearr a dhéanamh ar fheidhmeanna na cuideachta chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí. Tabharfar an feidhmiú chun críche sa chéad leath de 2004.

Forbairtí Amach Anseo

Is é an fócas d'fhorbairtí amach anseo (i) an t-Iarnród a chosaint trí Chlár Forbartha Sábháilteachta 2004-2008; (ii) feabhas a chur ar sheirbhíse do chustaiméirí le haird ar luas líne a mhéadú ar phríomhlíne Bhaile Átha Cliath/Corcaigh; (iii) acmhainn a mhéadú trí stoc rollta breise, minicíocht níos mó seirbhíse agus comharthaí feabhsaithe; (iv) rochtain níos fearr do gach duine le saoráidí méadaithe ag stáisiúin agus ar stoc rollta, agus (v) cothabháil níos éifeachtaí ar an stoc rollta.

Tá clár mór infheistíochta chun an líonra ráille i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a lánpháirtiú forbartha i gcomhair a bhreithnithe ag na scairshealbhóirí ar fad.

Rannpháirtíocht Fostaithe

I gcomhar leis an Ionad Náisiúnta do Chomhpháirtíocht, tá Iarnród Éireann ag féachaint le caidreamh níos láidre fostaithe / bainistíochta / ceardchumann a fhorbairt a bheidh tógtha ar mhúnla gníomhach comhpháirtíochta. I dtús báire, tá an comhoibriú á léiriú i gcomhthionscnamh oiliúna ina bhfuil ionadaithe áitiúla den fhoireann agus den bhainistíocht páirteach.

Comhdheiseanna

Tá daoine de bhreis is tríocha náisiúntacht i láthair na huaire ar fhórsa saothair Iarnród Éireann. I rith 2003, forbraíodh Beartas foirmiúil ar Éagsúlacht agus Comhionannas atá le foilsiú agus le cur i bhfeidhm go luath in 2004.

Chomh maith leis sin, dréachtaíodh agus eisíodh Cód Cleachtais ar Fhostú Dhaoine faoi Mhíchumas.

Chruthaigh Iarnród Éireann Líonra de Chothromas Oibre Saoil mar chuid de Ghrúpa Oibre Tras-Eagraíochtúil a fuair tacaíocht le maoiniú AE. Tugadh isteach saoire tuismitheoirí don chéad lá ar scoil. Forbraíodh beartais Teileaoibrithe agus Saoire Am Téarma mar shíneadh ar an raon socruithe saoire agus oibre a bhí cheana ann a éascaíonn cothromas oibre/saol baile.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Sláinte agus Sábháilteacht

Neartaíodh córas bhainistiú sábháilteachta Iarnród Éireann agus méadaíodh na laethanta oiliúna foirne arís lena chinntiú go mbíonn fostaithe feistithe go cuí i ngach gné de scileanna sábháilteachta, teicniúla agus gairmiúla.

Leabhair Chuntais

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí lena chinntiú go gcomhlíontar oibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chuí a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Coinnítear na leabhair chuntais ag ceannáras na cuideachta Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Cód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí de na polasaithe agus na nósanna imeachta arna bhfeidhmiú ag an gcuideachta tar éis foilsiú an Chóid Chleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit ar fáil i gcuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

Stiúrthóirí

Ceapann cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag aon tráth i rith na bliana dar críoch an 31ú Nollaig, 2003 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J.J. Lynch An tUasal J Meagher	Cathaoirleach Stiúrthóir Bainistíochta (D'éirigh as an 29ú Feabhra, 2004)
An tUasal P. Cullen An tUasal G. Duggan	(D'éirigh as an 8ú Nollaig, 2003, athcheaptha an 9ú Feabhra, 2004)
An tUasal P. Ellis T. Honan, Uasal A. M. Mannix, Uasal An tUasal W. McCamley An Dr. P. Prescott	(D'éirigh as an 30ú Samhain, 2003)

Ní raibh aon leas ná aon scaireanna nó bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí nó ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Ní dheachthas in aon chonarthaí nó socruithe i rith na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i ndáil le gnó an Ghrúpa.

Iniúcháirí

Léirigh na hiniúcháirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasaóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe, a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

An Dr. J. J. Lynch
An tUasal G. Duggan

Cathaoirleach
Stiúrthóir

30ú Márta, 2004.

Ráiteas de Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thabharfaidh léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus barrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama; agus
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais reatha mura mbíonn sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann le fios le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais na cuideachta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus go gcomhlíonann siad ceanglais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2001. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus aon mhírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Tuarascáil na nIniúcháirí

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Iarnród Éireann-Irish Rail

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais ag leathanaigh 7 go dtí 28 agus ar na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach sa ráiteas de bheartais chuntasaíochta ar leathanaigh 7 agus 8.

Freagrachtaí faoi Seach na Stiúrtóirí agus na nIniúcháirí

Tá freagrachtaí na stiúrtóirí chun tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí na hÉireann lena mbaineann agus na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn leagtha amach ar leathanach 5 i ráiteas de fhreagrachtaí na stiúrtóirí.

Is é ár bhfreagracht ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas iomchuí dlíthiúla agus rialaitheacha agus de réir na gcaighdeáin iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta is infheidhme in Éirinn. Tá an tuarascáil seo, lena n-airítear an tuairim, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsan amháin, mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí 1990 agus ar an gcúis sin amháin. Ní ghlacaimid, i dtabhairt na tuairime seo, freagracht ar aon chúis eile nó chuig aon duine eile dá dtaispeántar an tuarascáil seo nó a bhféadfadh sí a bheith ina lámha ach amháin sa chás go mbíonn sé comhaontaithe go sonrach lenár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid duitse ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cibé an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2001. Luaimid cibé an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid duit freisin ár dtuairim maidir le:

- cibé an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádtá ag an gcuideachta;
- cibé an bhfuil tuarascáil na stiúrtóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe, níos mó ná leath a scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin duitse, más rud é, inár tuairim, nach nochtáitear faisnéis atá sonraithe le dlí i ndáil le luach saothair stiúrtóirí agus idirbheartaíochtaí.

Bunús Thuairim an Iniúchta

Stiúireamar ár n-iniúchadh de réir na gcaighdeáin iniúchta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais. Bíonn measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrtóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthosca na cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtáitear go dóthanach iad.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na mínithe a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a sholáthar dúinn chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó aon neamhrialtachta eile nó earráid. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar meastóireacht ar chomh sásúil ar an iomlán a bhí cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31ú Nollaig, 2003 agus ar a easnamh agus sreabhadh airgid don bhliain dar críoch amhlaidh agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2001.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn. Is é ár dtuairim, go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádtá ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrtóirí ar leathanaigh 2 go dtí 4 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa chlár comhardaithe ar leathanach 10, níos mó ná leath méid a scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh aon staid airgeadais ann ag an 31ú Nollaig, 2003, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, a d'éileodh go dtionólfai cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta.

PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

30ú Márta 2004

(a) Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní bhaineann breithniú ar na nithe sin leis an obair a dhéanann na hiniúcháirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúcháirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh tarlú do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar dtús ar an láithreán gréasáin iad.

(b) D'fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith difriúil ón reachtaíocht i ndlísin eile.

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Is mar seo a leanas atá na beartais chuntasaíochta shuntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

(A) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta leo in Éirinn agus reachtaíocht na hÉireann a chomhdhéanann Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2001. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glactha go ginearálta in Éirinn leo maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíorcheart ná na caighdeáin sin atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil.

Déileáiltear le Dubel Limited, fochomhlacht faoi lánúinéireacht, mar chraobh de Iarnród Éireann-Irish Rail chun críche cuntasaíochta.

Tá athbhreithniú déanta ar chomparáidí na bliana roimhe sin chun teacht le cur i láthair na bliana reatha.

(B) SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Is mar seo a leanas an bunús chun dímhéas a ríomh:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá línte agus oibreacha iarnróid comhdhéanta de líonra de chórais. Déileáiltear le caiteachas ar an líonra atá cheana ann, a chothabhálann an acmhainn oibríochta de réir chaighdeáin shainmhínithe seirbhíse, mar bheis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus cuirtear san áireamh iad ag costas tar éis deontais a bhaint as.

Is é an muirear dímhéasa do na línte agus oibreacha iarnróid an leibhéal measta den chaiteachas bliantúil a bhíonn riachtanach chun acmhainneacht oibríochta an líonra a chothabháil agus tá sé bunaithe ar phlean bhainistiú sócmhainní na cuideachta.

Déileáiltear le caiteachas ar an líonra, a mheadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a acmhainn oibríochta sa bheis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus déantar é a dhímheas thar a shaol úsáideach.

(ii) Stoc rollta iarnróid

Déantar innill traenach (ach amháin iad sin a ndéantar lándímhéas orthu nó a fhaightear gan aon chostas) a dhímheas, trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

Déantar carranna ráille, an stoc cóistí agus vaigíní a dhímheas freisin, trí thráthchodanna comhionanna

bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(iii) Feithiclí lastais bóthair

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh ag baint úsáide as modh shuim na bhfigiúirí.

(iv) Dugaí, cuanta agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar an aicme thuasluaite de shócmhainní a dhímheas trí thráthchodanna comhionanna bliantúla, ar bhonn an chostais stairiúil scaipthe trína fhad saoil úsáidigh ionchasaigh.

(C) SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

(i) Léasanna airgeadais

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chuntasú de réir SSAP 21 (Cuntasú do Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Cuirtear costas caipitil shócmhainní den sórt sin san áireamh i sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an téarma léasa is giorra nó saol úsáideach ionchasach na sócmhainne. Tá mír chaipitil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh in creidiúnaithe. Cuirtear muirir airgeadais chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais i rith tréimhse príomha an léasa.

(ii) Léasanna Oibríochta

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraíonn siad.

(D) STOIC

Déantar stoic ábhar agus páirteanna spárála a luacháil ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Déantar stoic a bhfuil a fhios iad a bheith críon ag dáta an chláir chomhardaithe a dhíscríobh agus ullmhaithe do stoic a d'fhéadfadh a bheith críon amach anseo.

(E) DEONTAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS STÁIT

(i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann

Mar thoradh ar fheidhmiú chuntasíocht líonra (féach B (i) thuas) tá deontais a fuarthas do línte agus oibreacha iarnróid atá cheana ann bainte as costas na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a cheanglaíonn go dtaispeánfaí na sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas agus as sin deontais agus ranníocaí mar ioncam iarchurtha. Tá an imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), i dtuairim na

Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

stiúrthóirí, riachtanach do na ráitis airgeadais chun léargas fíorcheart a thaispeáint mar nach bhfuil aon shaol infhoirceanta ag na línte agus oibreacha iarnróid sin agus dá bhrí sin nach ann d'aon bhunús ar a bhféadfaí deontais agus ranníocaí a aithint mar ioncam iarchurtha.

(ii) Deontais agus caiteachas caipitil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil a chreidiúnú chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais ioncain

Glactar deontais ioncain chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais sa bhliain a mbíonn siad infhaighte.

(iv) Deontais Infheistíochta Sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus cailteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

(F) AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbheartaíochtaí a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a aistriú go euro ag an ráta a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na hidirbheartaíochta, nó ag rátaí conartha i gcás go mbíonn na méideanna iniúchta nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó cailteanais malartaithe réadaithe ar idirbheartaíochtaí a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha más infheidhme.

(G) PINSIN

Cuirtear costas ionchasach a bhaineann le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair don chuntas brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear é i rith thréimhse fostaíochta fhostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le sochar comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais pinsin rialta, arna sainaitheint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchasaigh seirbhíse atá fanta chomhaltaí na scéime.

Foráiltear do chostas caipitil na sochar pinsin fhorlíontaigh agus cuirtear chun dochair don chuntas brabúis agus cailteanais iad sa bhliain a dheonaítear na sochair mhéadaithe.

(H) COSTAIS AN BHONNEAGAIR IARNRÓID

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ceanglaítear ar Iarnród Éireann-Irish Rail a chinntiú go gcoinnítear cuntais ghnó na seirbhísí iompair deighilte ó na cuntais do ghnó bhainistiú an bhonneagair iarnróid. Cinntear na costais bhonneagair de réir larscríbhinn 1.A de Rialachán Uimh. 2598/70 an AE.



Cuntas Brabúis agus Caillteanais

		lomlán	Míreanna Oibríochta Eisceachtúla	Oibríochtaí Leanúnacha roimh Mhíreanna Eisceachtúla	lomlán
	Nóta	2003 €000	2003 €000	2003 €000	2002 €000
			Nóta 5		
Ioncam		213,227	-	213,227	205,295
Costais					
Párolla agus costais ghaolmhara	3	(242,962)	(19,258)	(223,704)	(212,842)
Ábhair agus seirbhísí	4	(139,537)	-	(139,537)	(152,475)
Dímhneas lúide amúchadh na ndeontas caipitil	6	(27,827)	(841)	(26,986)	(26,223)
Iomlán na gcostas oibríochta		(410,326)	(20,099)	(390,227)	(391,540)
Brabús ar dhímhneas sócmhainní inláimhsithe	7	207	-	207	-
Easnamh roimh ús agus deontais Stáit		(196,892)	(20,099)	(176,793)	(186,245)
Ús inioctha — oibríocht	8	(5,272)	-	(5,272)	(7,054)
— bonneagar iarnróid	8	(3,016)	-	(3,016)	(4,048)
Iomlán an úis		(8,288)	-	(8,288)	(11,102)
Easnamh don bhliain roimh dheontais Stáit		(205,180)	(20,099)	(185,081)	(197,347)
Deontais Stáit - fóirdheontais	9	168,257	-	168,257	155,483
Deontais Stáit - deontas sábháilteachta iarnróid	9	17,496	-	17,496	19,410
Easnamh don bhliain tar éis deontais Stáit	2(A)	(19,427)	(20,099)	672	(22,454)
Easnamh carntha ag tús na bliana		(66,412)			(43,958)
Easnamh carntha ag deireadh na bliana		(85,839)			(66,412)

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird.

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach
An tUasal G. Duggan Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

An bhliain dar críoch an 31ú Nollaig	Nótaí	2003 €000	2002 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	10	776,686	634,448
Sócmhainní airgeadais	11	20	20
		776,706	634,468
Sócmhainní reatha			
Stoic	12	38,273	42,576
Féichiúnaithe	13	162,626	153,740
Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh		97	131
		200,996	196,447
Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)	14	(300,280)	(287,184)
Glan(sócmhainní) reatha		(99,284)	(90,737)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		677,422	543,731
Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	15	(64,105)	(64,055)
Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear	18	(56,063)	(52,710)
Ioncam iarchurtha	19	(513,203)	(363,488)
		44,051	63,478
Arna mhaoiniú ag:			
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	20	29,204	29,204
Cúlchiste athsholáthar sócmhainní	21	100,686	100,686
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		(85,839)	(66,412)
Cistí Scairshealbhóirí	22	44,051	63,478

Thar ceann an bhoird.

An Dr. J. J. Lynch Cathaoirleach
An tUasal G. Duggan Stiúrthóir

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Bliain dar críoch an 31ú Nollaig	Nótaí	2003 €000	2002 €000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	23(A)	60,548	26,429
Seirbhísí airgeadais			
Ús íoctha	8	(4,968)	(7,396)
Mír úis ar chíosanna léasa airgeadais	8	(3,320)	(3,706)
Deontas stáit - ús DART	9	1,581	3,555
Glan-eis-sreabhadh airgid ó sheirbhísí airgeadais		(6,707)	(7,547)
Gníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní inláimhsithe		(309,848)	(283,905)
Díol sócmhainní inláimhsithe		302	6,684
Deontais chaipitil		335,473	214,172
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		25,927	(63,049)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh bhainistiú acmhainní leachtacha agus airgeadú	23(B)	79,768	(44,167)
Bainistiú acmhainní leachtacha	23(B)	(62,202)	41,799
Airgeadú			
Mír chaipitil de chíosanna léasa airgeadais		(4,150)	(2,218)
Glan-eis-sreabhadh airgid ó airgeadú	23(B)	(4,150)	(2,218)
Méadu/(laghdú) in airgead sa bhliain	23(B)	13,416	(4,586)
Réiteach an ghlansreabhadh airgid le gluaiseacht i nglanfhiach			
Méadu/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain		13,416	(4,586)
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta agus airgeadú léasa		66,352	(39,581)
Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain		79,768	(44,167)
Glanfhiach amhail an 1ú Eanáir		(214,784)	(170,617)
Glanfhiach amhail an 31ú Nollaig		(135,016)	(214,784)

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. LÉARGAS AIRGEADAIS

Tar éis roinnt blianta d'fheidhmíocht airgeadais shásúil a léiríodh le leibhéal cobhsaí d'iasachtaí agus sreabhadh airgeadais dhóthanach, tháinig meath ar staid airgeadais na cuideachta in 2002 agus gan aon ghníomh suntasach leighis, tuaradh go meathfadh sé tuilleadh i rith 2003.

Mar fhreagra ar na deacrachtaí sin, cheadaigh bord Iarnród Éireann plean bainistíochta chun go bhfillfeadh an chuideachta ar a bheith ag déanamh brabúis. Áirítear ar chroighnéithe an phlean seo laghdú ar an líon foirne, réadú na n-íostaí lastais iarnróid agus rialú docht ar chostais neamhshaothair. Measann na stiúrthóirí go bhfuil an chuideachta ag leanúint cúrsa chun na spriocanna airgeadais sin a bhaint amach agus leanfaidh de bheith ag feidhmiú míreanna lárnacha an phlean seo in 2004.

Amhail an 31ú Nollaig, 2003, bhí glanfiach de €135,016 milliún ar an gcuideachta. (Féach nóta 23B). Le linn na gcuntas sin a cheadú, fuair na stiúrthóirí geallúint ó Chóras Iompair Éireann go leanfadh sé de bheith ag cur acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil chun ceanglais iasachta na cuideachta a mhaoiniú do 2004 agus 2005.

Bunaithe ar an ngeallúint sin, measann na stiúrthóirí gur cuí é leanúint de bheith ag ullmhú na gcuntas seo ar bhonn gnóthais reatha.

2003	2002
€000	€000

2. ANAILÍS RANNAÍN AR AN GCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS

(A) Toradh na Cuideachta

Achoimre

Easnamh oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha, deontais Stáit agus míreanna eisceachtúla

Ráille príomhlíne	(55,299)	(57,621)
Ráille bruachbhailte	(23,677)	(28,819)

Iomlán na n-oibríochtaí ráille

Fóirdheontais agus deontais d'oibríochtaí Ráille	(78,976)	(86,440)
	79,870	73,409

Barrachas/(easnamh) oibríochta roimh ús oibríochta iníoctha agus míreanna eisceachtúla

Oibríochtaí ráille	894	(13,031)
Bonneagar	4,836	(2,679)
Lastas bóthair	1,130	1,534
Europort Ros Láir	2,570	2,602
Seirbhísí lónadóireachta	(677)	222

Barrachas/(easnamh) oibríochta don bhliain roimh ús oibríochta iníoctha agus míreanna eisceachtúla

Ús	(8,288)	(11,102)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	207	-

Barrachas/(easnamh) oibríochta roimh mhíreanna eisceachtúla

Costais oibríochta eisceachtúla (nóta 5)	(20,099)	-
Easnamh don bhliain	(19,427)	(22,454)

Ní eascraíonn aon mhuirear cánachais ar na torthaí don bhliain mar gheall nach bhfuil ioncain áirithe de chuid na cuideachta curtha san áireamh chun críocho cánach.

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

	2003 €000	2002 €000
2. ANAILÍS RANNÁIN AR AN GCUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS (ar leanúint)		
(B) An rannán ráille príomhlíne		
Ioncam	121,437	115,662
Caiteachas		
Cothabháil an stoic rollta	(43,647)	(42,383)
Breosla	(13,413)	(14,737)
Oibríocht agus speansais eile	(112,452)	(110,038)
Dímheas oibríochta	(17,824)	(15,513)
Amúchadh ar dheontais chaipitil	10,600	9,388
